
An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

An difear a dhéanann do ghuthsa

#EUTakeTheInitiative


© Pim Leijen

# An Eoraip Saor ó Fhionnadh

**Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na dtionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ar éirigh leo an líon riachtanach ráitis tacaíochta a shroicheadh le go ngníomhódh an Coimisiún Eorpach. Chonacthas reachtaíocht nua mar thoradh ar thionscnaimh áirithe, agus torthaí ciallmhara eile ar thionscnaimh eile. Tógadh líonraí mar gheall ar shaincheisteanna i ngach cás, agus tá feasacht tar éis dul i méid i measc saoránach agus lucht déanta beartais.**

**Cad é staid reatha na bhfeirmeacha fionnaidh san Aontas?**

Tá tuairim is 1 000 feirm ghníomhacha fionnaidh san Aontas a tháirgeann fionnadh mince, sionnaigh agus racúin, agus tuairim is 7.7 milliún ainmhí iontu.

Níl aon reachtaíocht shonrach AE ann a chlúdaíonn leas ainmhithe atá á gcoinneáil do tháirgeadh fionnaidh. Mar sin féin, tá ainmhithe i bhfeirmeacha fionnaidh faoi chlúdach ag rialacha AE a chosnaíonn ainmhithe a choinnítear do chuspóirí feirmeoireachta.

## SPRIOC LUCHT EAGRAITHE

Toirmeasc dlí ar fud an Aontais a chur ar:

- ainmhithe a choinneáil agus a mharú inarb é an príomhchuspóir nó an t-aon chuspóir atá leis fionnadh a tháirgeadh.
- fionnadh ó ainmhithe feirmshaothraithe, agus táirgí a bhfuil fionnadh den sórt sin iontu, a chur ar mhargadh an Aontais.

## RANNPHÁIRTÍOCHT

Sroicheadh **1,502,319** síniú bailíochtaithe leis na tairseacha riachtanacha in 18 gcinn de bhallstáit an Aontais.

## IAROBAIR

Mar fhreagra ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, geallann an Coimisiún measúnú cúramach a dhéanamh ar a riachtanaí agus a indéanta a bheadh sé toirmeasc a chur le feirmeoireacht fionnaidh agus le margú an fhionnaidh san Aontas. Ar bhonn na comhairle eolaíche ó EFSA [An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia], atá le bheith istigh faoi Mhárta 2025, agus meastóireachta breise, cuirfidh an Coimisiún in iúl faoi Mhárta 2026 cibé an measann sé gur cuí toirmeasc a mholadh, tar éis idirthréimhse. Measfaidh an Coimisiún, leis, cibé ar chóir bearta eile a dhéanamh chun leas ainmhithe fionnaidh feirmshaothraithe a chinntiú.

Idir an dá linn, tá roinnt beart á ndéanamh ag an gCoimisiún maidir le leas, sláinte phoiblí agus tionchar na feirmeoireachta fionnaidh ar an gcomhshaol.

**Márta 2022** — **Cláraítear an tionscnamh**

**Meitheamh 2023** — **Cuirtear an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin**

**Deireadh Fómhair 2023** — **Tionóltar éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa**

**Nollaig 2023** — **Tugann an Coimisiún freagra oifigiúil**

## SEAS CHUN TOSAIGH

**An tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh**

**d'uirlis chun an beartas Eorpach a mhúnlú**

AONTAS EORPACH

**#EUTakeTheInitiative**

**https://citizens-initiative.europa.eu/_ga**

**Lean nuashonruithe ón tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh anseo:**
https://citizens-initiative.europa.eu/news_ga

**Léigh na Scéalta Ratha mionsonraithe in Fhóram an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh anseo:**
https://citizens-initiative-forum.europa.eu/learn/success-stories_ga

© Aontas Eorpach, 2023. Údaraítear athúsáid ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.
Is é Cinneadh 2011/833/AE (IO L 330, 14.12.2011, lch. 39) a rialaíonn beartas athúsáide dhoiciméid an Choimisiúin Eorpaigh.

Print ISBN 978-92-68-09874-5 DOI:10.2792/046289 KA-05-23-454-GA-C
PDF ISBN 978-92-68-09885-1 DOI:10.2792/83827 KA-05-23-454-GA-N